

## Gradam na Cásca

Gaelscoil  
Thaobh na Coille

Ba mhaith linn moladh a thabhairt do gach páiste sa scoil a d'oibrigh go dian an téarma seo, a rinne sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus a bhí go deas béasach agus cneasta le páistí agus le múinteoirí na scoile. Tá moladh speisialta ag dul do na páistí seo a leanas a bhuaidh 'Gradam na Cásca 2024'.

We would like to congratulate all the children in the school who have worked tremendously hard this term, who have spoken 'Gaeilge' diligently and for their excellent behaviour and kindness towards each other and the teachers.

Special praise must go to the following children who have been awarded 'Gradam na Cásca 2024'

Is mise le meas

*Emer Nic Chonchradha*

Emer Nic Chonchradha

Príomhoide

<p><b>N1A</b></p>	<p><b>Thomas Ó Bróithe</b> Is sár bhuachaill é Thomas. Dalta béasach agus gealgháireach é. Tá Gaeilge iontach ag Thomas agus úsáideann sé í i gconaí. Is sár-léitheoir é agus bíonn go leor fíricí suimiúla ar eolas aige. Ní ró-mhinic a fheicim Thomas gan meangadh gáire ar a aghaidh. Maith thú Thomáis!</p>	<p><b>Andrew Ó Mochóir</b> Is buachaill álainn, séimh agus deamhúinte é Andrew. Déanann Andrew a sheacht ndícheall i gcónaí agus tugann sé faoin obair scoile le dearcadh dearfach i gconaí. Tá feabhas iontach tagtha ar Ghaeilge Andrew agus úsáideann sé í go minic sa seomra ranga agus sa chlós.</p>	<p><b>Emma Nic Seincín</b> Is sár-chailín agus sár-dhalta í Emma. Bíonn sí sásta ag teacht ar scoil gach maidin agus léimeann sí díreach isteach i ngach aon rud a dhéanaimid sa rang. Glacann sí páirt ghníomhach sa rang agus bíonn sí an-bhéasach i gconaí. Molaim í.</p>
<p><b>N1B</b></p>	<p><b>Cillian Ó Conchubhair</b> Ard-mholadh tuillte go mór ag an mbuachaill seo. Tá an-dul chun cinn déanta aige sna hábhair ar fad le cúpla mí anuas. Bíonn cluas géar na héisteachta air anois agus ord agus eagar ar a chuid oibre scríofa. Gaeilge ar fad atá a labhairt aige leis an múinteoir agus meallann sé páistí uile an ranga í a labhairt. Léiríonn Cillian an-suim sa mhata agus sa sport. Molaim go mór a bhéasaí. Maith thú a Chillian!</p>	<p><b>Breandán de Barra</b> Sár-bhuachaill go deo é seo a léiríonn an-dúil agus suim sa bhfoghlaim. Tá sé ag léamh as a stuaim féin sa Ghaeilge cheana féin. Tá Gaeilge álainn líofa ag Breandán agus spreagann sé na páistí sa rang í a labhairt. Buachaill cliste cumasach béasach agus spórtúil é. Bíonn cluas géar na héisteachta air agus é i gconaí sásta tacaíocht/cabhair a thabhairt do chairde. Molaim go mór é!</p>	<p><b>Avelía Annett</b> An-chailín go deo í seo atá ag déanamh a seacht míle dícheall Gaeilge níos cruinne a labhairt agus a úsáid sa rang faoi láthair. Cailín thar a bheith cruthaitheach agus ealaíonta is ea í. Tá sí ag léamh agus ag scríobh as a stuaim féin anois. Cailín stuama í atá thar a bheith báúil agus foighneach le gach duine. Léiríonn sí spéis i ngach rud agus is cara iontach í. Moladh mór ag dul chuici.</p>

N2A	<p><b>Ellie Nic Gabhann</b></p> <p>Is cailín álainn, sona í Ellie a chuireann go mór le spiorad an ranga. Bíonn sí cabhrach cneasta sa rang agus tá sí ag obair go dian sa rang le déanaí. Tá Ellie iontach maith ag cuidiú leis an múinteoir ag deireadh an lae nuair a chuireann sí glaoch ar gach bord chun an líne a dhéanamh. Tá níos mó Gaeilge á labhairt aici anois freisin. Tá an-spéis ag Ellie sa cheol agus sa drámaíocht agus déanann sí a dícheall i gcónaí.</p>	<p><b>Hannah Ní Éineacháin</b></p> <p>Is cailín álainn í Hannah atá an –sona ag teacht ar scoil le tamaillín anuas. Tá an obair á dhéanamh aici ar scoil agus sa bhaile agus molaim í. Tá sí cabhrach agus cairdiúl i gcónaí agus tá sí ag labhairt i nGaeilge an t-am ar fad anois. Tá sí ag obair go dian ar an léitheoireacht freisin. Maith thú Hannah.</p>	<p><b>Bobbie Ecock Ní Bhroin</b></p> <p>Is cailín gleoite í Bobbie a chuireann a croí agus a h-anam i ngach rud a dhéanann sí sa rang. Tá sí cabhrach agus cairdiúl i gcónaí agus tá sí an-mhaith ag léamh agus ag an mata. Tá sí iontach maith ag éisteacht agus is féidir liom braith uirthi i gcónaí. Maith thú Bobbie.</p>
N2B	<p><b>Tasnia Rahman</b></p> <p>Thosaigh Tasnia i N2B i Mí Eanáir agus is sár-chailín í. Déanann sí ealaín álainn sa rang agus cuireann sí an-iarracht isteach sa scríbhneoireacht, sa léitheoireacht agus sa rince le Nuala. Tá sí ag baint taitneamh as an nGaeilge a fhoghlaim agus úsáideann sí na focail nua atá aici gach lá. Maith thú Tasnia!</p>	<p><b>Dylan Mac Óda</b></p> <p>Is buachaill agus dalta den scoth é Dylan. Léiríonn sé cineáltas álainn gach uile lá ar scoil, ag tabhairt ardú croí do gach duine sa rang le focail agus iompar lách. Tá Dylan tar éis sár-iarracht a chur isteach ina obair scríofa ach go háirithe le déanaí.</p>	<p><b>Isla Ní Chuinn</b></p> <p>Is sár-chailín í Isla. Bíonn sí i gcónaí ag obair go dian agus ag déanamh obair chruinn néata sa rang agus don obair bhaile. Déanann sí a seacht míle dícheall i gcónaí agus bíonn meangadh gáire uirthi gach lá ar scoil. Maith thú Isla.</p>
R1A	<p><b>Choe Ní Dhúlainn</b></p> <p>Is cailín álainn, díograiseach í Chloe. Déanann sí a seacht ndícheall i ngach rud a thugann muid faoi. Tá feabhas ollmhór tagtha uirthi i ngach gné den saol scoile i mbliana, an Ghaeilge labhartha ach go háirithe. Maith thú, Chloe!</p>	<p><b>Cara Nic Réamainn</b></p> <p>Is cailín álainn béasach í Cara. Bíonn meangadh mór gáire uirthi gach lá ag teacht ar scoil agus réitíonn sí go han-mhaith le gach duine sa rang. Táim an-sásta leis an bhfeabhas atá tagtha ar Chara i ngach ábhar i rith na bliana. Lean leis an dea-obair, Cara!</p>	<p><b>Jack Ó Diomsaigh</b></p> <p>Is buachaill álainn, gealgáireach é Jack. Bíonn sé sona sásta i gcónaí agus cuireann sé gach duine sa rang ag gáire go minic. Is buachaill an-éirmúil é Jack agus bíonn sé i gcónaí sásta ceisteanna a fhreagairt agus scéalta a roinnt leis an rang. Molaim thú Jack!</p>
R1B	<p><b>Calvin Ó Cinnéide</b></p> <p>Is buachaill cáirdiúil, deas é Calvin. Léiríonn sé suim i ngach gné den obair scoile agus go háirithe i gcúrsaí léitheoireachta. Déanann sé a dhícheall san obair scoile go léir!</p>	<p><b>Oscar Mac Uidhir</b></p> <p>Is buachaill gealghaireach é Oscar. Bíonn sé i gcónaí ag gáire. Is duine cinealta é agus tá feabhas ollmhór tar éis teacht ar a chuid léitheoireacht. Is ealaíontóir den scoth é, bíonn sé i gcónaí ag dathú isteach.</p>	<p><b>Rosie Ní Bhrádaigh</b></p> <p>Is cailín álainn, cáirdiúil í Rosie. Is cara cinealta í. Tá Rosie tar éis go leor cleactadh a dhéanamh ar a lámhscríbhneoireacht agus tá peannaireacht álainn aici. Bíonn sí i gcónaí ag éisteacht agus réidh don obair. Maith an cailín Rosie!</p>
R2A	<p><b>Seán Ó hArgáin</b></p> <p>Is buachaill éirmiúil, dearfach agus cabhrach é Seán. Oibríonn sé go diail ar fad gach lá agus níl drogall ar bith air tuairim nó eolas a roinnt leis an rang. Is sár-cheannaire é sa rang agus molaim go mór é.</p>	<p><b>Isabelle Nic Suibhne</b></p> <p>Cailín gealghaireach, cairdiúil agus cruthaitheach is ea í Isabelle. Éisteacht sí go cúramach lena múinteoir agus cabhraíonn sí go mór le hatmaisféar an ranga lena cuid ceisteanna. Is léir go bhfuil Isabelle iontach ealaíonta ón obair ealaín a dhéanann sí. Is sár-chailín í!</p>	<p><b>Finn Hsu Caswell</b></p> <p>Is buachaill fiosrach, béasach agus fuinniúil é Finn. Labhraíonn sé sár-Ghaeilge gach lá ar scoil agus bíonn sé i gcónaí ag spreagadh na páistí eile sa rang. Léiríonn sé an-spéis i gcúrsaí eolaíochta agus staire. Is sar-bhuachaill é.</p>

<b>R2B</b>	<p><b>Sophie Ní Riada</b></p> <p>Sár-chailín is ea Sophie a ghlacann páirt bríomhar i gcónaí sa rang. Tá feabhas mór tagtha uirthi ó thaobh labhairt na Gaeilge de agus tá mé sásta leis an iarracht atá déanta aici ó thús na bliana. Is ealaíontóir den scoth í agus tá sí tar éis an-chuid oibre a chur isteach i ngach ábhair scoile. Lean ort Sophie!</p>	<p><b>James Ó Dubhthaigh</b></p> <p>Buachaill álainn agus gealgháireach is ea James a chuireann go mór le hatmaisféar an ranga leis an meangadh gáire a bhíonn air chuile lá. Tá sé sár-mhaith ag cabhrú leis an múinteoir i gcónaí agus bíonn sé lán-sásta aon phostanna a dhéanamh. Tá an-iarracht déanta ag James lena cuid léitheoireachta i mbliana agus tá mé fíor-shásta leis. Sár-bhuachaill is ea é!</p>	<p><b>Harry Ó Duinn</b></p> <p>Is buachaill álainn séimh é Harry. Oibríonn Harry go dian dícheallach sa rang agus bíonn sé i gcónaí ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh agus bheith ag éisteach leis an múinteoir. Lean ort leis an dea-obair Harry!</p>
<b>R3A</b>	<p><b>Jack Mac Uidhir</b></p> <p>Is buachaill gealgháireach, sona é Jack. Tá mé thar a bheith sásta leis an dul chun cinn atá déanta aige ag éisteach leis an múinteoir agus leis na daltaí eile. Is buachaill cairdiúil, soisialta é agus glacann sé páirt in imeachtaí ranga le spioraid agus le spraoi.</p>	<p><b>George de Faoite</b></p> <p>Is buachaill cairdiúil é George. Tá an-suim aige san fhicheall agus is breá leis a scileanna a roinnt leis na páistí eile sa rang. D'oibrigh sé go dian díograiseach sa Ghaeilge ó thosaigh sé sa scoil ag tús na bliana. Tá sé go hiontach ar fad George a chloisteáil anois ag labhairt go muiníneach i nGaeilge.</p>	<p><b>Charlotte Ní Ghnímh</b></p> <p>Is cailín álainn béasach í Charlotte. Oibríonn sí go dian díograsach, éisteach sí go cúramach leis an múinteoir agus bíonn sí bródúil as an obair a dhéanann sí. Réitíonn Charlotte go séimh leis na daltaí eile agus glacann sí páirt in imeachtaí ranga le dearcadh dearfach.</p>
<b>R3B</b>	<p><b>Harry Mercer</b></p> <p>Is buachaill cairdiúil agus deas é Harry. Is buachaill spórtúil é a bhaineann taitneamh as na ranganna corpoideachas go mór. Réitíonn Harry go maith leis na páistí eile sa rang. Is buachaill cabhrach é freisin. Tá ag éirí go maith leis san obair, táim sásta leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aige i mbliana.</p>	<p><b>Fionn Mac Uidhir</b></p> <p>Is buachaill deas agus greannmhar é Fionn. Is buachaill gealgháireach é a bhíonn sona ar scoil de ghnáth. Réitíonn Fionn go maith leis na páistí eile sa rang agus baineann sé taitneamh as am a chaitheamh leo ar an gclós ag spraoi. Tá an-obair á dhéanamh ag Fionn lena obair scoile agus molaim go h-ard é as an obair seo.</p>	<p><b>Eve Ní Ghormáin</b></p> <p>Is cailín lách agus cineálta í Eve. Réitíonn sí go han-mhaith leis na páistí eile sa rang. Tá an-obair á dhéanamh ag Eve sa rang. Déanann sí a dícheall i ngach rud agus tá sí an-mhaith ag freagairt ceisteanna sa rang. Táim an-sásta leis an obair go léir atá á dhéanamh aici ar scoil agus sa bhaile, is léir gur cailín díograiseach í.</p>
<b>R4A</b>	<p><b>Luke Ó Farannáin</b></p> <p>Is buachaill álainn é Luke. Glacann sé páirt iomlán i ndíospóireachtaí ranga agus molaim é dá bharr. Tá bua faoi leith aige don Stair agus is iomaí fíricí a roinneann sé leis an rang san ábhar seo ach go háirithe.</p>	<p><b>Callum Ó Cearúil</b></p> <p>Is buachaill fíor spórtúil é Callum. Bíonn sé cineálta, lách leis an páistí eile agus cuireann sé go mór leis an atmaisféar chairdiúil atá sa rang. Maith thú. Lean leis an dearcadh dearfach.</p>	<p><b>Nicole de Faoite</b></p> <p>Is pléisiúr iomlán é an cailín seo a mhúineadh. Bíonn a cuid oibre ar ard-chaighdeán i gcónaí agus bíonn sí thar a bheith béasach freisin. Tá an gradam tuillte go maith aici toisc an iarracht ollmhór atá curtha isteach aici maidir le labhairt na Gaeilge an téarma seo.</p>
<b>R4B</b>	<p><b>Holly Ní Aodha</b></p> <p>Is cailín an-spórtúil í Holly a oibríonn le dúthracht an t-am ar fad. Tá sí fíor-bhéasach agus cabhríonn sí go mór le hatmaisféar séimh a chothú sa seomra ranga. Ina theannta sin, tá sí sármhaith ag cuidiú leis na múinteoirí agus is féidir brath uirthi aon phost a dhéanamh duit ar ardchaighdeán. Maith an cailín, a Holly.</p>	<p><b>Cathal Ó Laomdha</b></p> <p>Is buachaill ealaíonta é Cathal a ghlacann páirt ghníomhach sna ceachtanna ranga. Molaimid é toisc go bhfuil sé ag déanamh iarracht caighdeán mhaith a shroicint ina chuid obair scoile. Bíonn sé sona sásta agus bíonn sé cneasta lena chomhscoláirí. Ina theannta sin, tá sé go maith ag an gceol agus an eolaíocht. Maith thú a Cathail.</p>	<p><b>Síofra Nic Giolla Stiofáin</b></p> <p>Is cailín gealgháireach agus cineálta í Síofra a luíonn isteach ar a cuid ceachtanna ar an bpointe boise. Tá peannaireacht álainn aici freisin. Tá sí stuama díograiseach agus aibí agus tá sí ar fheabhas ag an ealaín. Is cara dílis í agus is féidir brath uirthi. Maith an cailín, a Shíofra.</p>

<b>R5A</b>	<b>Dara Mac Seinicín</b> Is buachaill álainn, séimh, cineálta é Dara a réitíonn le gach duine sa rang. Tá muid an-sásta leis an feabhas atá tar éis teacht ar obair Dara. Maith thú Dara agus lean ort.	<b>Abigail Ní Churnáin</b> Is cailín álainn í Abigail agus is pleisiúir í dúinn sa rang. Cuireann sí a lán iarracht isteach lena cuid oibre agus is ceoltóir den scoth í freisin. Lean ort agus maith thú Abigail.	<b>Siún de Lása Ní Bhriain</b> Tá feabhas tar éis teacht ar obair Siún agus tá muid an-sásta léi. Tá bua an cheoil aici agus tá sí sásta é a roinnt leis an rang. Is cailín álainn, gealgháireach, béasach í agus tá muid an-sásta léi.
<b>R5B</b>	<b>Penny Nic Riocaird</b> Is cailín gealgháireach agus cairdiúil í Penny. Cuireann Penny gliondar croí orm gach lá toisc go mbíonn sí chomh sona ar scoil. Is oibrí iontach í sa seomra ranga agus bíonn sí i gcónaí sásta cuidiú liom.	<b>Fionnán Ó Dubhthaigh</b> Is buachaill ciúin, cairdiúil agus cruthaitheach é Fionnán. Déanann sé an obair scoile ar ard-chaighdeán i gcónaí agus tá peannaireacht fíor-álainn aige. Glacann Fionnán páirt ghníomhach i gcúrsaí ranga agus léiríonn sé dea-shampla do na páistí eile sna ranganna spóirt leis an meon dearfach atá aige.	<b>Dylan Mac Giollabháin</b> Is buachaill séimh, sona agus béasach é Dylan. Éistean sé sa rang agus oibríonn sé go han-mhaith mar chuid de ghrúpa. Tá an-spéis aige sa léitheoireacht Bhéarla agus tá sé ar fheabhas ag léamh os ard don rang. Is buachaill cruthaitheach é Dylan agus léiríonn sé an-suim san ealaín.
<b>R6A</b>	<b>Katya Sarafian</b> Cailín sona, séimh í Katya. Bíonn peannaireacht álainn néata aici i gcónaí. Baineann sí an-taitneamh as a bheith ag déanamh ealaíne. Rinne Katya sár-iarracht le haghaidh Seachtain na Gaeilge. Rinne sí agallamh iontach lena mamaí, póstaer álainn don bhialann Woodruff agus ba chabhair iontach í ag an gcéilí scoile leis na Naofáin. Lean ort Katya!	<b>Cara Ní Lia</b> Is cailín gealgháireach, séimh agus cumasach í Cara a bhíonn cineálta, cabhrach le gach uile duine. Tá sí stuama agus díograiseach agus luíonn sí isteach ar a cuid oibre ar an bpointe boise. Cuireann Cara go mór le hatmaisféar dearfach sa rang agus bíonn cuma an sona uirthi agus í i mbun oibre le grúpa cairde agus amuigh ar an gclós	<b>Charlie Newsome</b> Is buachaill neamhspléach, fiosrach agus cairdiúil é Charlie. Tá sé an-eolaíoch agus bíonn fíricí aige ar bharr a theanga. Cuireann Charlie a chroí agus a anam isteach i ngach gné scoile. Rinne sé sár-agallamh lena dheirfiúir do sheachtain na Gaeilge agus rinne sé a chulaith féin do lá Domhanda na Leabhair. Molaim thú!
<b>R6B</b>	<b>Barra Ó Brádaigh</b> Is buachaill béasach, cairdiúil agus ealaíonta é Barra. Cuireann sé go mór le comhráití agus plé ranga. Tá neart eolas aige maidir le cúrsaí staire agus eolaíocht. Is ealaíontóir den scoth é. Bíonn sé béasach sa rang agus sa chlós.	<b>Dan Mac Giolla Bhríde</b> Is buachaill éirimiúil agus spórtúil é Dan. Bíonn sé dea-mhúinte sa rang agus ar an gclós. Déanann sé iarracht ard-chaighdeán a bhaint amach lena cuid oibre. Is aoibheann leis spóirt ach go háraithe snámh agus sacair. Is féidir braith air.	<b>Maedhbh Ní Ghibealláin</b> Is cailín cliste, cairdiúil agus dílis í Maedhbh. Is aoibheann léi spóirt. Tá sí an-mhaith ag an Mata agus is breá léi bheith ag léamh. Is cara maith í agus déanann sí iarracht an rud ceart a dhéanamh ar scoil.